



Cumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí

Toghadh an tUas. James Hamilton, Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, mar Uachtarán ar Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí (IAP). Téarma trí bliana mar Uachtarán a bheidh aige, agus cuireadh tús leis an téarma sin ag comhdháil bhliantúil an IAP san Háig i mí Mheán Fómhair seo caite. Tagann sé i gcomharba ar an Uasal François Falletti, Ionchúisitheoir Ginearálta na Cúirte Achomhairc i bPáras.

Bhí an té a chuaigh roimhe, Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí na hÉireann, an tUas. Eamonn Barnes, mar Uachtarán ar an IAP chomh maith, ó 1996 –1999.

Bunaíodh an IAP i mí Mheithimh 1995 ag oifigí na Náisiún Aontaithe i Vín. An rud ba mhó a spreag a bhunaithe ná an fás tapa ar choireacht tras-náisiúnta, ar gháinneáil drugaí, sciúradh airgid agus calaois ach go háirithe. Measadh go raibh gá le níos mó comhoibrithe idirnáisiúnta idir ionchúisitheoirí agus le níos mó luais agus éifeachtúlachta maidir le cúnaimh frithpháirteach, rianú sócmhainní agus bearta comhoibríocha idirnáisiúnta eile.

Is é an IAP an t-aon eagraíocht domhanda ionchúisitheoirí. Tá sé tiomanta do chaighdeáin iompair ghairmiúil agus eitice d'ionchúisitheoirí ar fud an domhain a leagan amach agus a ardú; do riail an dlí, cothromas, neamhchlaontacht agus meas ar chearta daonna a chur chun cinn agus cur leis an gcomhoibriú idirnáisiúnta chun dul i ngleic leis an gcoireacht.

Tá breis agus 130 comhalta eagraíochtúil ag an IAP chomh maith le go leor comhaltaí aonair. Bítear ag súil go mbeidh gach comhalta eagraíochtúil tiomanta do na Caighdeáin Iompair Ghairmiúil d'ionchúisitheoirí a ghlac an IAP in 1999.

Tá tuilleadh eolais ar an IAP ar fáil ar a láithreán gréasáin <http://www.iap-association.org>.

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Meán Fómhair 2010